Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**8445/22**

**FIN 473**
**INST 141**
**PE-L 19**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8258/22 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 11/2022 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2022 |

1. An 22 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 11/2021, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

Is é is aidhm don togra seo suim EUR 52.2 milliún i leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí agus EUR 74 mhilliún i leithreasaí íocaíochta a aistriú ó Airteagal 30 04 01 (*Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála*) go hAirteagal 10 02 01 (*an Ciste um Thearmainn, Imirce agus Lánpháirtíocht*) mar a léirítear in 8258/22.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Tá an t-aistriú á mholadh chun tacaíocht a thabhairt do na córais ghlactha agus chlárúcháin ar an gcéad líne sna Ballstáit is mó atá faoi bhrú ag an líon dídeanaithe nach bhfacthas a leithéid riamh mar thoradh ar an bhfogha atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo le haghaidh aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 26 Aibreán 2022.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 8258/22 é; agus

- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

go dtí : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip : Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31(4) de Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl duit leis seo gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 11/2022 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2022.

(Mise le meas).

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).